II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/895 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hidirghabháil táirgí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) ([1]) agus go háirithe Airteagal 65(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé riachtanach go mbeidh ÚEÁPC in ann critéir agus tosca soiléire a chur i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh an ann d'ábhar imní suntasach maidir le cosaint infheisteoirí nó bagairt ar fheidhmiú ordúil agus ar shláine na margaí airgeadais nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais san Aontas nó ar chuid de. Sonraítear tuilleadh sa Rialachán seo na critéir agus na tosca sin, lena n-áirítear iadsan a liostaítear i bpointí (a), (b), (c) agus (d) den dara fomhír d'Airteagal 65(9) de Rialachán (AE) 2019/1238.

(2) Tá sé ríthábhachtach cur chuige comhsheasmhach a áirithiú laistigh den Aontas agus ag an am céanna a cheadú don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) beart iomchuí a dhéanamh nuair a tharlaíonn teagmhais dhochracha nó forbairtí dochracha gan choinne atá comhsheasmhach le hAirteagal 65(9) de Rialachán (AE) 2019/1238. D'iarr an Coimisiún ar ÚEÁPC comhairle theicniúil a chur ar fáil i réimse an táirge pinsin phearsanta uile-Eorpaigh (TPPU).

(3) Le "bagairt" a bheith ann, atá ar cheann de na réamhriachtanais le haghaidh idirghabháil ÚEÁPC i gcomhthéacs fheidhmiú ordúil agus shláine na margaí airgeadais nó tráchtearraí nó chobhsaíocht an chórais airgeadais, teastaíonn tairseach measúnaithe níos airde ná mar atá ann do "ábhar imní suntasach", arb é atá ann an réamhriachtanas d'idirghabháil ag ÚEÁPC chun cosaint infheisteoirí a áirithiú. Ba cheart go mbeadh ÚEÁPC in ann idirghabháil a dhéanamh i gcás ina mbeidh ábhar imní nó bagairt den sórt sin ann mar thoradh ar cheann amháin ar a laghad de na tosca nó de na critéir sa Rialachán seo.

(4) Is gá freisin staid agus dálaí sonracha an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna a chur san áireamh i ndáil lena rannchuidiú féideartha i leith ábhar imní nó bagairtí den chineál mar a bheartaítear le hAirteagal 65(9) de Rialachán (AE) 2019/1238,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfidh ÚEÁPC na critéir agus na tosca seo a leanas i bhfeidhm nuair a bheidh leibhéal castachta an TPPU á mheas:

(a) cineál scoir fhadtéarmaigh an TPPU;

(b) cineál agus leibhéal trédhearcachta na sócmhainní foluiteacha;

(c) leibhéal trédhearcachta na gcostas agus na muirear a bhaineann leis an TPPU;

(d) úsáid teicnící a tharraingíonn aird coigilteoirí TPPU ar ghnéithe neamhriachtanacha de chur i láthair TPPU;

(e) cineál agus trédhearcacht na rioscaí;

(f) úsáid ainmneacha táirgí nó téarmeolaíochta nó faisnéise eile a thugann leibhéal níos airde slándála nó toradh níos airde le fios ná mar atá indéanta nó dóchúil, nó gnéithe míthreoracha a bhaineann leis an táirge;

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 1.

(g) an raibh faisnéis ann nach raibh leordhóthanach nó iontaofa go leordhóthanach maidir leis an TPPU, chun a chur ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh a raibh an fhaisnéis sin ag díriú orthu chun tionchar a imirt ar a mbreithiúnas, agus cineál agus saghas an TPPU á gcur san áireamh;

(h) castacht an ríomha feidhmíochta, ag cur san áireamh go háirithe an bhfuil an toradh ag brath ar fheidhmíocht sócmhainne foluití amháin nó níos mó, ar sócmhainní iad a ndéanann fachtóirí eile difear dóibh dá réir sin;

(i) cineál agus scála na rioscaí;

(j) an bhfuil an TPPU cuachta le táirgí nó seirbhísí eile;

(k) castacht aon téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an TPPU;

(l) an ann d'éagothromaíocht idir toradh ionchasach an TPPU agus an riosca caillteanais, agus leibhéal na héagothromaíochta sin, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(1) struchtúr na gcostas agus costais eile;

(2) an éagothromaíocht i ndáil le riosca an tsoláthraí arna choinneáil ag an soláthraí;

(3) an próifíl riosca agus toraidh;

(m) praghsáil agus costais ghaolmhara TPPU, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(1) úsáid muirear folaithe nó tánaisteach;

(2) muirir nach bhfuil i gcomhréir le leibhéal na seirbhíse a soláthraíodh;

(3) costais na ráthaíochtaí nó na costais nach bhfuil i gcomhréir le costas iarbhír nó luach cóir na ráthaíochta caipitil i gcás TPPU Bunúsach;

(n) a éasca atá sé agus an costas don choigilteoir TPPU úsáid a bhaint as na seirbhísí iniomparthachta agus malartaithe, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(1) úsáid seirbhísí malartaithe agus iniomparthachta i ndáil leis an gcéim ina n-úsáidtear an tseirbhís, na táillí agus na muirir a chuirtear i bhfeidhm, nó caillteanas buntáistí agus dreasachtaí;

(2) ó tharla nach gceadaítear seirbhísí malartaithe agus iniomparthachta a úsáid nó go ndéantar dodhéanta go fíorasach iad a úsáid.

Airteagal 2

Cuirfidh ÚEÁPC na critéir agus na tosca seo a leanas i bhfeidhm agus é ag breithniú an ghaoil idir an TPPU agus an cineál coigilteora TPPU a ndéanfar an TPPU a mhargú nó a dhíol leis:

(a) gnéithe lena léirítear scileanna agus inniúlachtaí an choigilteora TPPU, lena n-áirítear an leibhéal oideachais atá air, an t-eolas agus taithí atá aige ar tháirgí pinsin eile, ar tháirgí infheistíochta fadtéarmacha nó cleachtais díola agus lena léirítear leochaileacht an choigilteora TPPU;

(b) gnéithe lena léirítear staid eacnamaíoch an choigilteora TPPU, lena n-áirítear a ioncam, a shaibhreas agus a mhéid a bhraitheann sé ar an TPPU le haghaidh ioncam leordhóthanach scoir;

(c) cuspóirí airgeadais an choigilteora TPPU, lena n-áirítear coigilteas pinsin agus an gá atá le cumhdach riosca, lena n-áirítear rioscaí bithmhéadracha;

(d) an bhfuil an TPPU á dhíol le coigilteoir TPPU lasmuigh den spriocmhargadh beartaithe, nó an ndearnadh nó nach ndearnadh an spriocmhargadh a shainaithint go leordhóthanach;

(e) an incháilitheacht chun cumhdach a fháil ó scéim náisiúnta ráthaithe, i gcás inarb ann do na scéimeanna sin.

Airteagal 3

Cuirfidh ÚEÁPC na critéir agus na tosca seo a leanas i bhfeidhm agus leibhéal nuálaíochta an TPPU, gníomhaíochta nó cleachtais á bhreithniú:

(a) an leibhéal nuálaíochta a bhaineann le struchtúr agus gnéithe an TPPU, go háirithe an leibhéal nuálaíochta a bhaineann leis na teicnící maolaithe riosca nó le foirmeacha na n-eisíocaíochtaí nó le dearadh sochar TPPU eile;

(b) a mhéid a scaiptear nuálaíocht, lena n-áirítear an bhfuil an TPPU nuálach i gcás catagóirí áirithe coigilteoirí TPPU;

(c) nuálaíocht a bhaineann le giaráil;

(d) taithí roimhe seo ar an margadh le TPPUnna comhchosúla nó le cleachtais díola le haghaidh TPPUnna.

Airteagal 4

Cuirfidh ÚEÁPC na critéir agus na tosca seo a leanas i bhfeidhm agus an ghiaráil a chuireann TPPU nó cleachtas ar fáil á breithniú:

(a) saintréithe sócmhainní foluiteacha an TPPU, ag cur san áireamh an ghiaráil atá inghreamaithe sa TPPU;

(b) an ghiaráil i ngeall ar mhaoiniú;

(c) tréithe idirbheart maoinithe urrús.

Airteagal 5

Cuirfidh ÚEÁPC na critéir agus na tosca seo a leanas i bhfeidhm agus méid agus suim iomlán chaipiteal carntha an TPPU á mbreithniú aige:

(a) méid na n-iarmhairtí díobhálacha féideartha ó thaobh an choigilteora TPPU aonair agus i gcás líon mór coigilteoirí TPPU atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann, na hiarmhairtí díobhálacha féideartha do chnuasach coigilteoirí TPPU, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh, go háirithe:

(b) méid agus suim iomlán chaipiteal carntha an TPPU;

(c) luach barúlach an TPPU;

(d) dóchúlacht, scála agus cineál aon dochair, lena n-áirítear méid an chaillteanais a d'fhéadfaí a fhulaingt;

(e) an fad a mheastar a mhairfidh na hiarmhairtí díobhálacha;

(f) méid na ranníocaíochtaí;

(g) líon, agus ceanglais oiriúnacha chuí na n-idirghabhálaithe lena mbaineann;

(h) fás an mhargaidh nó díolacháin;

(i) an meánmhéid a infheistíonn gach coigilteoir TPPU sa TPPU;

(j) an leibhéal cumhdaigh a shonraítear sa dlí náisiúnta maidir le scéimeanna ráthaíochta árachais, i gcás inarb ann do na scéimeanna sin;

(k) luach na bhforálacha teicniúla maidir leis na TPPUnna;

(l) an mbaineann ardriosca le sócmhainní foluiteacha an TPPU d'fheidhmíocht idirbheart a dhéanann rannpháirtithe nó coigilteoirí TPPU sa mhargadh ábhartha;

(m) an dócha, de bharr thréithe an TPPU, go háirithe go bhféadfaí é a úsáid chun críoch na coireachta airgeadais, go háirithe an bhféadfaí, leis na saintréithe sin, úsáid TPPU a spreagadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) aon chalaois nó mímhacántacht;

(2) mí-iompar i margadh airgeadais nó mí-úsáid faisnéise i ndáil le margadh airgeadais;

(3) láimhseáil na bhfáltas ón gcoireacht;

(4) maoiniú na sceimhlitheoireachta.

Airteagal 6

Déanfaidh ÚEÁPC na tosca seo a leanas a bhreithniú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú ordúil agus do shláine na margaí airgeadais:

(a) an mbaineann ardriosca ar leith le gníomhaíochtaí nó cleachtais airgeadais an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna i ndáil leis an TPPU i dtaca le hathléimneacht nó le hoibriú rianúil na margaí;

(b) an bhféadfadh éagothromaíocht shuntasach agus shaorga idir praghsanna díorthaigh agus praghsanna díorthaigh ar an mbunmhargadh teacht as an TPPU nó as gníomhaíochtaí nó cleachtais airgeadais an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna i ndáil leis an TPPU;

(c) an mbaineann ardriosca leis an TPPU nó le gníomhaíochtaí nó cleachtais airgeadais an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna i ndáil leis an TPPU i dtaca le bonneagar an mhargaidh nó na gcóras íocaíochta, lena n-áirítear córais trádála, imréitigh agus socraíochta;

(d) an bhféadfadh TPPU nó gníomhaíochtaí nó cleachtais airgeadais an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna bagairt a dhéanamh ar mhuinín coigilteoirí TPPU sa chóras airgeadais;

(e) an mbaineann ardriosca le TPPU nó le gníomhaíochtaí nó cleachtais airgeadais an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna i ndáil leis an TPPU go gcuirfí isteach ar institiúidí airgeadais a mheastar a bheith tábhachtach le haghaidh chóras airgeadais an Aontais.

Airteagal 7

Déanfaidh ÚEÁPC na tosca seo a leanas a bhreithniú a bhfuil feidhm acu maidir le staid agus imthosca sonracha an tsoláthraí TPPUnna nó an dáileora TPPUnna, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) a staid airgeadais agus a shócmhainneacht;

(b) a ghníomhaíochtaí nó a chleachtais airgeadais;

(c) an tsamhail ghnó atá aige, lena n-áirítear a inbhuanaitheacht agus a thrédhearcacht;

(d) oiriúnacht na socruithe athárachais agus ráthaíochta maidir leis an TPPU;

(e) spleáchas an tsoláthraí TPPUnna ar thríú páirtithe le haghaidh gnéithe tábhachtacha den TPPU, amhail cumhdach rioscaí bithmhéadracha, ráthaíochtaí agus iniomparthacht an TPPU;

(f) na cleachtais díola a bhaineann leis an TPPU, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(1) na bealaí cumarsáide agus dáilte a úsáidtear;

(2) an fhaisnéis, agus an t-ábhar margaíochta nó fógraíochta eile;

(3) an leibhéal nuálaíochta a bhaineann leis an múnla dáileacháin, amhail fad an tslabhra idirghabhála nó an spleáchas ar theicnící nuálacha le haghaidh an mhúnla dáileacháin.

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN